

An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12657/25
ADD 1

ENV 816
MI 636
DELECT 126

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 5940 final - Annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i ngloine nó i gcomhpháirteanna ceirmeacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5940 final - Annex.

Faoi iamh: C(2025) 5940 final - Annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2025
C(2025) 5940 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún

**lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid
a bhaineann le díolúine do luaidhe i ngloine nó i gcomhpháirteanna ceirmeacha**

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 7(c)-I agus 7(c)-II:

‘7(c)-I	Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i ngloine nó i gceirmeach seachas ceirmeach tréleictreach i dtoilleoirí, mar shampla gairis phísileictreonacha, nó i gcomhdhúil mhaitrise gloine nó cheirmeach	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir agus rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027.
7(c)-II	Luaidhe i gceirmeach tréleictreach i dtoilleoirí le haghaidh voltas rátáilte 125 V AC nó 250 V DC nó níos airde	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas na feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 7(c)-I nó 7(c)-IV) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.’

(2) cuirtear isteach na pointí 7(c)-V agus 7(c)-VI seo a leanas:

‘7(c)-V	Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i gcomhdhúil maitrise gloine nó gloine a chomhlíonann aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas: 1) le haghaidh cosanta agus insliú leictreach i gcoirníní gloine de dhé-oidí ardvoltais agus sraitheanna gloine do shliseoga; 2) le haghaidh séalaithe heirméiteach idir páirteanna ceirmeacha, miotail agus / nó gloine; 3) chun críocha nasctha i bhfuinneog pharaiméadair próisis le haghaidh $< 500^{\circ}\text{C}$ maille le slaodacht 1013.3 dPas (‘teocht thrasdultach ghloine’); 4) lena n-úsáid mar ábhar sainfhriotaíoch amhail dúch, le raon friotachais ó 1 ohm/cearnóg go 100 meagóm/cearnóg, gan poitéinsiméadair frámála a áireamh; 5) lena n-úsáid i ndromchlaí gloine atá modhnaithe go ceimiceach le haghaidh plátaí micreachainéal, iolraitheoirí leictreon cainéil agus táirgí gloine sainfhriotaí.	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir agus rachaidh sé in éag an 31 Meitheamh 2027.
7(c)-VI	Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i gceirmeach a chomhlíonann aon	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir

	cheann de na feidhmeanna seo a leanas: 1) lena n-úsáid i gceirmeacht tíotánaíte siorcóiniam luaidhe písileictreach; 2) chun ceirmeacht a sholáthar le comhéifeacht dheimhneach teochta.	(seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointí 7(c)-II, 7(c)-III agus 7(c)-IV den Iarscríbhinn seo chomh maith le pointe 14 d'Iarscríbhinn IV) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.'
--	--	---